Réamhfhógra maidir le comhchruinniú

(Cás M.10777 — PLASTIC OMNIUM / VARROC (LIGHTING DIVISION))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 269/10)

1. An 6 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Compagnie Plastic Omnium SE ("Plastic Omnium", An Fhrainc), atá faoi rialú Burelle SA (An Fhrainc),

— Rannán na gcóras soilse de Varroc Lighting Systems GmbH ("Varroc Lighting Systems", An Ghearmáin).

Gheobhaidh Plastic Omnium urlámhas aonair ar Varroc Lighting Systems de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Plastic Omnium comhpháirteanna agus modúil mótarfheithiclí a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthar (tuairteoirí, cúlhaistí/comhlaí cúil agus bacóirí, córais stórála agus seachadta breosla, cruacha breosla-cheall, soithí hidrigine agus córais hidrigine chomhtháite), le haghaidh feithiclí éadroma go príomha,

— Déanann Varroc Lighting Systems córais soilse sheachtracha le haghaidh feithiclí éadroma a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10777 – PLASTIC OMNIUM / VARROC (LIGHTING DIVISION)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.